Estáit Tionsclaċ Cloiċeannaola, Gaoṫ Dobair

is miṫiḋ a rá

Inbir Earraí,
1-10-65.

A Eagarṫóir, a Cara,

Is mall agus is miṫiḋ an méiḋ sin aḋúraḋ fá eastáit tionsclaċ i nDún na nGall, a beiṫ ráiṫe. Is fada ó ba ċeart é beiṫ déanta. Ní raiḃ ciall ar biṫ ariaṁ le smaoineaṁ go raċaḋ luċt mon-arcan isteaċ go dtí an taoḃ ṫiar den tír, agus go speisialta an taoḃ ṫiar do Dún na nGall, agus go dtosnóḋ siad a tóġáil a gcuid monarcan ansin. Ní déanaṁ siad é. Ní déarna siad é, 7 ní déanpaḋ siad é go brá, dá bpástaí an scéal mar atá.

Cim-se anseo sa tír seo goiḋe mar ċéiḋ graiṫí monarcan, agus níl a ḋáṫ ar biṫ níos cinnte ná go dtarraingíonn ceann aṁáin ceann eile, agus ní smaoineaḋ fear tionscal ḋul isteaċ i mbaile úr naċ raiḃ monarcan ar biṫ ann agus ceanna tóġáil. Is maiṫ leo a beiṫ le ċéile, ar an áḃar go bfuil seirḃísí atá i ḋiṫ ar aċan ceann acu, agus go bfuilṫear cinnte de go bfuil siad ar fáil.

Is cinnte go ndéanpaḋ eastáit tionsclaċ áiṫ ar biṫ i nGaeltaċt Dún na nGall maiṫeas an mór ḋon taoḃ ṫiar don ċondae ar gad. Ní ruḃ mór ar biṫ ag oibriṫe san lá inniu, taisteál piċe míle, nó 30 míle, nó 40 míle féin ċuiġ a gcuid oibre. Gan tráṫ ar seirḃísí bus féin, ṫig le scaipte ḋul le ċéile i ngluaisteán aṁáin aċan maiḋm, ruḃ a bí bunú Raṫ Cairn, a ḋéanaṁ, cur i gcás, le fada an lá, agus iad ag ḋul ag obair mar gnáṫ oibriṫe le luċt tóġála i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Is cinnte dá mbeaḋ eastáit tionsclaċ i nGaoṫ Dobair nó i gCloiċeannaola go dtiocfaḋ le bunú na Rosann, agus bunú Sleann Finne, agus fiú aṁáin amaċ go Rosgoill agus Gleann-colmcille, a beiṫ a' teaċt ina gcuid gluaisteáin, nó dá mbeaḋ go leor acu, busanna beaga, nó minibuses, a beiṫ acu le iad a ṫabairt. Sin an smaoineaṁ is fearr a cuireaḋ os comair an pobail go póill, agus ba ċeart cruinniṫe móra a beiṫ i nGaoṫ Dobair agus i gCloiċeannaola, 7 in áiteaċa eile prío Dún na nGall, le treise agus neart a ċur leis an éileaṁ. Ná níl maiṫ ar biṫ a beiṫ a' dúil go dtaḃarfaiḋ duine ar biṫ i mBaile Áṫa Cliaṫ, nó duine ar biṫ i Leitir Ceanainn, dá ṫairḃe sin de, ceart do Gaeltaċt Dún na nGall —iad féin a ċaiṫfeas an iarraċt a ḋéanaṁ.

Seán Ó Baoill.

Obair atá a ḋiṫ, agus go gasta

Sraṫ na Druṫaiḋ,
29-9-65.

A Eagarṫóir, a Cara,

Is fíor duit, agus is maiṫ ráiṫe é. Is fada fada a bíomar a' fanaċt, agus gan toraḋ ar biṫ ar an fanaċt fá ċoinne obair a beiṫ le fáil anseo. Níl maiṫ ar biṫ cúpla punt a ċaiṫeaṁ ag cur ḋóiġ ar bealaċ mór, nó ag gland díoġaċa, níl ansin, aċ mar ḋúraḋ fada ó shin in AMÁRAC, as lionaḋ buicéad gan tóin le h-uisce. Obair ṫairgiúil, agus obair praiṫiḋiúil atá i ḋiṫ, sa ḋóiġ a mbeiḋ páiġe na seaċtaine le tóġáil sa baile, mar ḋúirt-fear in Árainn Mhór, agus níl an barna ḋóiġ le sin a ḋéanaṁ ins na ceantair ḃocta prío na Rosa agus Gaoṫ Dobair aċ monarcain a ċur ar bun.

Agus ní ṫiocfaiḋ fear ar biṫ isteaċ le monarcain a ċur ar bun sa ḋóiġe a bfuil ruḋaí fá láṫair. Ní ṫiocfaḋ leis fiú aṁáin, scairt a ċur tríḋ ar an teileafón in am. Ní ṫiocfaḋ leis a ċuid litreaċa fáil in am. Ní ṫiocfaḋ leis bearcanna a ċur amaċ agus iad a beiṫ seaċad-aiṫe i mBaile Áṫa Cliaṫ, in am.

Níl seirḃísí uisce, ná seirḃísí leictreaċais, nó seirḃísí ar biṫ le fáil, mar is ceart.

Sin ceann de na céaḋ graiṫí a beaḋ le déanaṁ ag Eastáit tionsclaċ féaċaint ċuige leis an idirḃeartaíoċt a déanaṁ leis na daoine uilig atá na mbun seo, san ḋóiġe a mbeaḋ na gnáṫ seirḃísí a mbeaḋ tionsclóir ag fanaċt leo, le fáil insan áit, agus ní ṫig sin a déanaṁ, aċ san áit a bfuil eastáit tionsclaċ le fáil. Ar ndóiġe, is mór an buntáiste, ċom maiṫ leis sin, do fear tionscail, go dtiocfaiḋ a rá leis, tá an foirgneaṁ ansin, fá do ċoinne, ṫig leat é beiṫ agat ar cíos, agus ḋul ar aġaiḋ le do ċuid oibre.

Aċ, níor mó ná ceaċtar acu sin, níl faic fios ag fear ar biṫ as baile 'steaċ, ní hé aṁáin fear ar biṫ as ṫír eile, cé'n áit a bfuil oibriṫe le fáil. Níl seisean ḋul a teaċt anuas go dtí áit mar Gaoṫ Dobair nó Cloiċeannaola, agus ansin tosaiġ ag cuartú oibriṫe.

Da ċóir go mbeaḋ liostaí do na h-oibriṫe agus an méiḋ oibriṫe atá le fáil in aċan ceantar don Gaeltaċt ,le fáil, agus fiú aṁáin ċairis sin aris, an cineál oibre a bí siad traenáilte le déanaṁ, an scil atá acu agus an cleaċtaḋ atá acu, san ḋóiġe má ṫig sé ann le cineál ar biṫ monarcan, go mbeiḋ toraḋ ar a saoċar aige.

Mise, le meas,

Cormac a' Canainn.

Meán Scoil Cónaṫe

Baile na Bó.
26-9-65.

A Eagarṫóir,

Is maiṫ an ruḋ go bfuil an scoil úr foscailte i dTeaċ Baile Conaill, fé deireaḋ, agus ní miste a ċuimneaṁ naċ raiḃ aċ dream aṁáin a labair amaċ go láiḋir fá ċoinneáil mar meán-scoil cónaiṫe, agus ba é sin AMÁRAC.

Aris agus aris eile, in EAGAR-FOCLA, agus dréaċta nuaíoċta, ḋúraḋ in AMÁRAC gur náire saolta é, naċ raiḃ meán - scoil cónaiṫe aṁáin i nGaeltaċt Dún na nGall, agus gur ligeaḋ don scoil seo druiḋ suas. Aris agus aris eile, nuair a bí daoine eile ag iarraiḋ aċan ruḋ fallda a ċur isteaċ ann, ó scoil do luċt tíṫe ósta, go dtí scoil do daoine lag-intinneaċ, noċt AMÁRAC éileaṁ Muintir na Gaeltaċta, go mbainfí úsáid as seo fá ċoinne meán-scoil cónaiṫe do Gaeltaċt Dún na nGall.

Tá toraḋ ar a gcuid iarratais anois, buíoċas lena mhórḋaċt, Tiarna Easpag Raṫ Boṫ, aċ, ní ṫéanpaiḋ pobal na Gaeltaċta dearmad do na daoine a seas ceart díoḃċa, nuair naċ raiḃ oiread áird ḋá ṫabairt orṫa.

Mise, le meas mór,

"Ceannfaoiliḋ."

Inis Ṫiar

An tseaċtain seo caiṫe léiríoḋ aris com húsáideaċ agus com tairḃeaċ agus atá na hingearáin do mhuinntir an Iarṫair. Ṫóg ingearán de ċuid an Airm ó Aerport Mic Easmainn Máire Bn. Uí Flaiṫbeartaiġ ó Inis Ṫiar a bí iontaċ tinn amaċ ó'n oileán agus isteaċ go dtí an Oisbidéal Réagúnaċ i nGaillimh. Bí an farraige garḃ tóġṫa agus an gaoṫ go láiḋir agus ní féadfaí smaoineaṁ ar an bean tinn a ṫabairt amaċ i gcurraċ agus fós níl aon tslí eile le duine a ṫabairt amaċ ó Inis Ṫiar. Cuireaḋ scéala fá ḋoinne an ingearáin agus ní ḋó fada a bí sé go dtáinig sé ann. Tóġaḋ an toċar go slán isteaċ insan ingearán. Stopaḋ ar an slí le beiṫ doċtúir agus banaltra a ṫabairt léiṫi. Bí sí a déanaṁ go maiṫ insan oisbidéal. Is ioma duine in Inis Ṫiar an áit a léiṫear AMÁRAC go leiṫeáḋaċ a ċuimniġ gur AMÁRAC an ċéaḋ páipéar aṁáin ar feaḋ fada go leor a tóġ ceist na n-ingearán agus a ḋoiméaḋ os ḋomair an tsaoil é go dtí gur haiṫreaḋ Airí Stáit agus daoine poiblí eile agus gur tugaḋ na hingearáin seo cé gur diúltaíoḋ iad ar dtús. Tá muintir an oileáin ag súil anois go ndéanpaiḋ AMÁRAC agus dreamanna Gaeltaċta eile oiread ċainnte faoi droċ-ċaoi atá ar Inis Ṫiar gan céiḋ agus go leanfar den ċaint sin go dtí go mbéiḋ céiḋ ar fáil ar an oileán a dtig leis an "Naoṁ Eanna" agus báḋaí eile mar é teaċt isteaċ ċuige. Is milleanaċ an ruḋ insan bliain seo 1965 go mbéiḋ oil-ean ḋom mór le hInis Ṫiar agus gan céiḋ ar biṫ ann nó báḋaí ar biṫ inann teaċt isteaċ ċuige aċ aṁáin ina curraċaí.

Tá cablaċ iascaireaċt Áṫann i gcionn gnó le tamall anuas ar na scadan. Cé naċ bfuil na scadain ró-flúirseaċ go fóill anseo tá scéala go bfuil siad ag teaċt isteaċ níos flúirsí ar ḋóṫa Muiġeo agus ċuiġ cuid de na tráileiri ó seo suas go hAcaill an áit a bfuil scéala go bfuil siad ag déanaṁ go réasúnta maiṫ. Meastar naċ ró-fada go mbeiḋ na scadain ag teaċt isteaċ ina scaoileanna fá ḋáiġ na Sailline féin agus tá na h-iascairí ag súil le séasúir maiṫ scadain a déanaṁ de. Tá an cablaċ annseo ag méaḋú i gcónaí. Sin cúis eile go mba fusa ḋóiḃ gnó a déanaṁ agus cónaí anseo dá mbeaḋ céiḋ mar ba ċeart ar Inis Ṫiar agus Inis Meán com maiṫ le Inis Mór. Tátar ag súil freisin anseo go ndéanpar an céiċ nua do réir mar tá na hiascairí ag iarraiḋ agus ní de réir mar atá luċt an maoir-flaiṫeas i mBaile Áṫa Cliaṫ ag leagan amaċ. Céiḋ agus uileann air a dtig le tráileiri teaċt isteaċ agus foscaḋ a beiṫ aca.

Ag an cruinniú ceanna ḋúirt an Seanaḋóir D. S. Ó Loingsiġ go mbeaḋ sé iontaċ contráilte a ṫabairt le fios go raiḃ barraíoċt tuarastal ag múinteoirí. D'fada uaċa go raiḃ—aḋúirt sé. Pádraic Ó Domhnaill a bí ag maoiḋeaṁ go raiḃ nuair a ċuir sé in éadan árḋú do múinteoirí do réir scála na Roinne.

Aonaċ Béal an Muirṫid

Bí aonaċ Béal an Muirṫid ar an aonaċ a ba lú agus ba measa san Baile le fiċe bliain. Bí titim ar luaċ eallaċ agus caoirí de aċan cineál, aċ aṁáin ba ionlaoiġ a ċuaiġ ó £65-£70. Cuaiġ bullaim stóir ó £65-£70, agus samhna baineanna ó £12-£14; bullaim ó £17-£18; banḃaim ó £6-£10 an péire; caoirí ó 60s. go 70s. Bí luaċ maiṫ le fáil ar na capaill.

An Toireaċtas 1965

14 - 24 Deireaḋ Fómair

Cuid de na príomhimeaċtaí

Dé hAoine, 15-10-'65. 7.30 p.m. Oscailt Oifigiúil agus Ceol-ċoirm an Oireaċtais. Halla Saoirse. Táille 7s. 6d., 5s.

Dé Sathairn, 16-10-'65. 7.30 p.m. Comórtas na gCór. Teaċ an Aird Mhaoir.

Dé Domhnaiġ, 17-10-'65. 8.00 p.m. Léaċt an Oireaċtais — "Sprid 1916"—Eoġan Ó Tuairisc. Ostán Ibeirneaċ.

Dé Luain, 18-10-'65. 8.00 p.m. Fáiltiú an Oireaċtais. Ostán Gresham. Táille 25s.

Dé Máirt agus Dé Céadaoin, 19 agus 20-10-'65. 7.00 p.m. Amhránaíoċt Sean-Nós. Ostán Ibeirneaċ. Táille 2s. 6d.

Déardaoin 21-10-'65. 6.00 p.m. Tae agus Sui Caiḋrim. Tiġ an Aird Mhaoir. Táille 10s.

Dé hAoine, 22-10-'65. 8.00 p.m. Comórtas do Ċabaret. Tiġ an Aird Mhaoir. Táille 3s. 6d.

Dé Sathairn. 23-10-'65. 3.00 p.m. Danna Céili. Tiġ an Aird Mhaoir. Táille 3s. 6d.
9.00 p.m. Céilí an Oireaċtais. Tiġ an Aird Mhaoir. Táille 17s. 6d.

Dé Domhnaiġ, 24-10-65. 7.30 p.m. Fleá Ceoil an Oireaċtais. Halla na Saoirse. Táille 6s., 4s.

Uiḃ Raṫaċ

Comharṫa maiṫ é go bfuil na longais a' teaċt isteaċ ag Caṫair Saiḃín, agus ṫáinig lon Ollámneaċ, Asliona, ó Amsterdam isteaċ go céiḃ Caṫair Saiḃín an tseaċtain seo caiṫe. le 500 tonna slaġ don Uaċtarlann. Bí neart oibre le fáil ag daoine as obair sa ċaile, ag cur an slaġ i dtír agus beiḃ sé le fáil níos saoire ag na feirmeoirí prío Corca Duiḃne.

Cúis bróin sa gceantar, bás S. Ó Conaill, a d'éag in Ospidéal Naoṁ Anna, Caṫair Saiḃín. Cuaiġ soċraiḋ mór leis go reiliġ Baile an Sceiliġ. Deintear comḃrón beanċéile agus a teaglaċ, in Imleaċ Mór.

Comṫáirdeas leis an dá meán-scoil, Meánscoil Ċloċar na Toir-beirte agus Meánscoil na mBráṫair Críostúil ar com maiṫ agus a d'éiriġ leo insan meán-teistiméireaċt. D'éiriġ le ċuile duine a cuireaḋ isteaċ ón dá scoil an meán-teistiméireaċt a fáil. Is beag scoil a d'féadfaḋ a beiṫ com maiṫ seo, agus go cinnte, níor b'féidir le aon scoil a beiṫ níos fearr. Comṫáirdeas.

Bí diomá an mór ar an slua an mór ó Uiḃ Raṫaċ a cuaiġ go Páirc an Chrócaí nuair a ċaill Ciarraí insan dá ċluiċe. Aċ, sin mar a bíonn an ċluiċe, agus is cinnte go dtiocfaiḋ Ciarraí idir mionúr agus sinsear, ṫar n-ais bliain eile, agus ní ċaillfiḋ siad ṫóċas insan idirlinn.

Ag an Cúirt Dúiċe ar an gCorrán, cúisíoḋ Raoinḃó Teoranta as truailliú a déanaṁ ar aḃann an Ċomaraċ agus as beiṫ ina cúis le bás na mbradán annsin. Doro Iascaireaċta Ciarraí a ṫug an cúis agus bí Aturnae an Stáit ag cúisiú aċ ní raiḃ duine ar biṫ ċun labairt ar son Rainḃó Teoranta. Cáineaḋ £40 ar an ċéaḋ cúis agus £90 ar an dara cúis. Tugaḋ fianaise go raḃ uisce na haḃna glan, í in úsáid le taoḃ ṫuas de na linnte Dric aċ taoḃ ṫíos de sin go raḃ an t-uisce millte loṫċa agus é ina áḋḃar bás do éisc. Rinne Coiste Iascaireaċta Ciarraiḋe iarratas gur ċosain an cúisiú seo £2,300 daoiḃe aċ ḋúirt an Giúistís naċ dtiocfaḋ leis an méiḋ sin costasaí a ṫabairt 7 ṫug sé barántas ar £73-10s. ar costaisí fianaisí.

Fríoċaḋ corp miċeáil Ó Fiog-óid (47 bl.) insan Aḃainn Comórac inné, dá míle go leiṫ sios an aḃainn ón áit a dteaċa sé as amarc Dé Sathairn agus é ag iasc-

Béal an Muirṫid

Bí an cruinniú cinn-bliana de Cumann Taispeántas Talmaíoċta Béal an Muirṫid, ar an Aoine seo caiṫe, an lú lá de Deireaḋ Fómair, in halla C.Y.m.S. Bí slua maiṫ i láṫair, agus ṫugaḋ cuntas ar obair na bliana agus ar conus mar a d'éiriġ le seó na bliana seo.

Cosaint Dlí do Ġaeilgeoirí

An Coiste Cosanta

Rúnaí: 53 Bóṫar Cluan Tairḃ. Áṫa Cliaṫ 3.

27 m. Mómair, 1965.

A Cara,

Éireannaiġ naċ bfuil sásta le staid na Gaeilge i gcúrsaí dlí, is i gcúrsaí poiblí eile, atá sa Coiste Cosanta. Is mian linn staid na Gaeilge a cosaint trí ceist-cúiseanna sna Cúirteanna má's gá agus ċuige seo tá do ṫabair uainn. Ní eagras Gaeilge nua an Coiste Cosanta, aċ coiste de daoine a ṫáinig le ċéile d'fonn an beartas amáin seo a ċur i gcrić. Tá roinnt acu gníomaċ ċeana féin in eagraíoċtaí náisiúnta eile — Conraḋ na Gaeilge, Cómċaiḋreaṁ, Comhdáil Náisiúnta na Gaeilge, Comaltas Ceoltóirí Éireann, Cumann Lúṫċleas Gael, Misneaċ, 7rl. Má's mian leatsa beiṫ io' ball den Coiste Cosanta, ba mór linn scéal a fáil uait.

Dá feiḋm faoi leiṫ gur mian leis an Coiste glacaḋ ċuige féin ná—

(a) poiblíoċt a ṫoiġ do ċásanna faoi leiṫ.

(b) Cúnamh airgid a ċur ar fáil do duine a glacann cás faoi staid na Gaeilge os comair na Cúirteanna, trí buanciste ċuige seo a bunú.

Mar ṫús, agus mar ċeist anpráinneaċ, is mian leis an Coiste cuiḋiú le Deasún Breaṫnaċ. Tá an Breaṫnaċ á ċúisiú toisc naċ bfuil Comluċt Árachais Norwich Union sásta deimhniú Gaeilge clóḃuailte "ar aon ċéim is gradam" le deimhniú an Béarlóra, a ċur ar fáil dó. Ar an tríú lá de Lúnasa, fíneálaḋ sé Cúirt Dúiċe é, ar dá ċúiseamh, mar atá naċ raiḃ sé in ann deimhniú áraċais a ċaispeáint, agus naċ raiḃ cáin ar a gluaisteán. Níl sé i gceist aige aon fíneál a íoc—20s. ar gaċ ceann den dá ċeann a gearraḋ air. Tá trí scór bliain ann ó cosain an Piarsaċ staid na Gaeilge i gcás dlí cáiliúil . . .

Is féidir leatsa cúnamh a ṫabairt trí—

(1) Deimhniú Áraċais Clóḃuailte i nGaeilge a cosaint. Seol do seic nó oroú poist ċuig duine amáin de na có-ċisteoirí /rúnaiḋe:

Tomás Mac Ruairí, 53 Bóṫar Cluan Tairḃ, Áṫ Cliaṫ, 3, nó Séamas Ó Tuaṫáil, 25, Páirc Seanóna. Áṫ Cliaṫ, 9.